Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**15186/22**

**LIMITE**

**SCH-EVAL 163**
**COMIX 548**
**VISA 187**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 660 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh (thromchúiseacha) a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar **an Ísiltír** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse **an chomhbheartais víosaí** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 660 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 660 final

AN COIMISIÚN EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 23.11.2022
COM(2022) 660 final

2022/0385 (NLE)

**SENSITIVE***

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh (thromchúiseacha) a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an Ísiltír maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí**

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 7 Deireadh Fómhair 2013 ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[1] lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú. I gcomhréir leis an Rialachán, bhunaigh an Coimisiún clár meastóireachta ilbhliantúil 2020-2024[2] agus clár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022[3] ina bhfuil pleananna mionsonraithe maidir le cuairteanna ar an láthair ar na Ballstáit ar a ndéanfar meastóireacht, na réimsí ar a ndéanfar meastóireacht, agus na suíomhanna ar a dtabharfar cuairt.

Cumhdaítear gach gné de *acquis* Schengen sna réimsí ar a ndéanfar meastóireacht; go háirithe bainistiú na dteorainneacha seachtracha, an beartas víosa, Córas Faisnéise Schengen, an chosaint sonraí, an comhar póilíneachta, an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, agus gan rialú teorann a bheith ag na teorainneacha inmheánacha. Sa bhreis air sin, cuirtear saincheisteanna a bhaineann le cearta bunúsacha, agus feidhmiú na n-údarás a chuireann na codanna ábhartha de *acquis* Schengen i bhfeidhm, san áireamh i ngach meastóireacht.

Ar bhonn an chláir ilbhliantúil agus an chláir bhliantúil, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ón 23 go dtí an 28 Meitheamh 2022 ar an Ísiltír maidir le cur i bhfeidhm an chomhbheartais víosaí. Leagtar amach sa tuarascáil mheastóireachta[4] uathu a gcuid torthaí agus a gcuid measúnuithe, lena n-áirítear dea-chleachtais agus aon easnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

I dteannta na tuarascála, rinne an fhoireann moltaí maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha a bheadh dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh. Tá an togra seo bunaithe ar na moltaí sin.

I bhfianaise an mhéid sin, an togra seo le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leagfaí amach moladh, is é is aidhm dó a áirithiú go gcuireann an Ísiltír rialacha Schengen uile i réimse an chomhbheartais víosa i bhfeidhm i gceart agus go héifeachtach.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Feidhmíonn na moltaí seo chun na forálacha atá ann cheana sa réimse beartais a chur chun feidhme.

---

1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 8045 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 3692 lena mbunaítear an clár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh 2020-2024.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 7727 ón gCoimisiún an 4 Samhain 2021 lena mbunaítear an chéad roinn den chlár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022 i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

4 C(2022) 6600.



PUBLIC

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá naisc idir na moltaí seo agus príomhbheartais eile de chuid an Aontais a ndéantar meastóireacht orthu faoi Shásra Meastóireachta Schengen.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Le Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022[5], rialachán a tháinig i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2022, aisghaireadh Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 agus leagadh síos rialacha nua maidir le hoibriú shásra meastóireachta agus faireacháin Schengen. I gcás meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023, áfach, de réir Airteagal 31(3) den Rialachán nua, déanfar na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a *ghlacadh* i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 fós.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle, éilítear go sonrach ar an gCoimisiún togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun go nglacfadh sí moltaí le haghaidh gníomhaíocht cheartaitheach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun an mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit a neartú agus chun comhordú níos fearr a áirithiú ar leibhéal an Aontais d'fhonn a ráthú go gcuirfidh na Ballstáit rialacha uile Schengen i bhfeidhm go héifeachtach.

- **Comhréireacht**

Tá Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle ar aon dul le cumhachtaí sonracha na Comhairle i réimse na meastóireachta frithpháirtí ar chur chun feidhme bheartais an Aontais laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Thug na Ballstáit tuairim dhearfach uathu maidir leis an tuarascáil mheastóireachta i gCoiste Schengen an 4 Deireadh Fómhair 2022, coiste arna bhunú le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle agus arna choinneáil le hAirteagal 30 de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle.

[5] Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013; IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1-27.



PUBLIC

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Cosaint na gceart bunúsach agus *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm, cuireadh san áireamh í le linn an phróisis meastóireachta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar.

## 5. EILIMINTÍ EILE

Ní bhaineann le hábhar.

PUBLIC

2022/0385 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh (thromchúiseacha) a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an Ísiltír maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022[6] maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, agus go háirithe d'Airteagal 31(3) de, lena bhforáiltear maidir le meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023 go déanfar na tuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[7] (agus go háirithe le hAirteagal 15 de),

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhbheartais víosaí i leith na hÍsiltíre idir an 23 agus an 28 Meitheamh 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 6600 ón gCoimisiún glacadh tuarascáil ina dtugtar na torthaí agus na measúnuithe mar aon leis na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh a sainaithníodh mar chuid den mheastóireacht. I bhfianaise a thábhachtaí atá sé na forálacha sin a chur chun feidhme i gceart a bhaineann leis na nithe seo a leanas i measc nithe eile, mar atá, iarratais ar víosaí a bheith á gcur isteach laistigh de dhá sheachtain ón dáta a iarradh an choinne; comhaid iarratais ar pháipéar a stóráil agus a scriosadh go slán; rochtain neamhúdaraithe ar fhaisnéis íogair a chosc; agus na forálacha a bhaineann le tréimhse phróiseála na n-iarratas a chomhlíonadh, ba cheart tús áite a thabhairt do chur chun feidhme mholtaí 4, 6, 7, 9, 12, 13, 15 agus 18 sa Chinneadh seo.

(3) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát. Beidh feidhm ag forálacha Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir leis na gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin a bhaineann leis an meastóireacht seo, ag tosú ó chur

[6] IO L 160, 15.6.2022, lgh. 1-27.
[7] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

isteach na bpleananna gníomhaíochta. Dá réir sin, ós rud é gur sainaithníodh easnamh tromchúiseach sa tuarascáil mheastóireachta, ba cheart don Ísiltír, laistigh de mhí amháin ó ghlacadh na moltaí, plean gníomhaíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus na Comhairle de bhun Airteagal 22(6) den Rialachán sin chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas.

(4) Chun an dul chun cinn a bheidh déanta i gcur chun feidhme na moltaí a bhaineann leis an easnamh tromchúiseach a fhíorú, ba cheart don Choimisiún, de bhun Airteagal 22(7) de Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle, athchuairt a eagrú, athchuairt a bheidh le déanamh tráth nach déanaí ná bliain amháin ó dháta na gníomhaíochta meastóireachta.

PUBLIC

AG MOLADH:

gur cheart don Ísiltír

**Ginearálta**

(1) víosaí fadfhanachta a eisiúint d'iarratasóirí a bhfuil sé beartaithe acu fanacht níos mó ná 90 lá i ndiaidh a chéile san Ísiltír (cé is moite de thairbhithe Threoir 2004/38/CE atá incháilithe do 'víosaí iontrála' i bhfoirm víosa gearrfhanachta);

(2) a áirithiú go bhfuil an leagan inchlóite den fhoirm iarratais ar líne ag teacht leis an leagan is déanaí den fhoirm iarratais aonfhoirmeach a leagtar amach in Iarscríbhinn 9 de Lámhleabhar an Chóid Víosaí;

(3) a áirithiú go mbeidh, ar a laghad, an t-aistriúchán ar an bhfoirm iarratais ar líne ar fáil i roinnt leaganacha teanga (lena n-áirítear an Araibis le haghaidh iarratais a dhéantar san Araib Shádach);

(4) a áirithiú go bhféadfaidh iarratasóirí ar víosa an t-iarratas a chur isteach laistigh de dhá sheachtain ón dáta a iarradh an choinne, mar shampla trí dhlús a chur leis na hiarrachtaí foireann Eagraíocht na Seirbhíse Consalachta a threisiú agus, maille leis sin, trí dhul i gcomhar le soláthraí(the) seirbhíse seachtrach(a) maidir leis an gcaoi is fearr chun an t-am feithimh ar choinní a laghdú i gcásanna inar ganntanais foirne na soláthraithe seirbhíse seachtracha (is mó) is cúis leis na moilleanna;

(5) a áirithiú go bhféadfaidh iarratasóirí doiciméid tacaíochta a chur isteach i dteanga oifigiúil na tíre ina ndéanann siad an t-iarratas;

(6) a áirithiú gan mhoill nach scriostar comhaid iarratais ar pháipéar go gairid tar éis don soláthraí seirbhíse seachtrach an t-iarratas ar víosa a ghlacadh, agus in aon chás nach scriostar iad ach amháin faoi mhaoirseacht na gconsalachtaí agus de réir prótacail iomchuí;

(7) a áirithiú go n-úsáidtear an leagan is déanaí den fhoirm dhiúltaithe chaighdeánach;

(8) a áirithiú go ndéanann na foirne ag Eagraíocht na Seirbhíse Consalachta agus ag na consalachtaí na forálacha maidir le neamhniú agus cúlghairm víosaí agus maidir le greamáin víosa a neamhbhailíochtú a chur i bhfeidhm i gceart; a áirithiú go mbíonn stampaí iomchuí le fáil sna consalachtaí;

(9) a áirithiú gur féidir, leis an gcóras TF próiseála víosaí, sonraí sa chóras faisnéise víosaí a leasú fiú tar éis cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratas;

(10) dlús a chur leis na hiarrachtaí oiliúint maidir le nósanna imeachta víosaí a sholáthar do bhaill foirne a bhíonn ag plé le próiseáil na víosaí Schengen sna consalachtaí, agus maoirseacht leormhaith a áirithiú ó na bainisteoirí oibríochtúla easaoránacha ar na baill foirne a fhostaítear go háitiúil;

(11) dlús a chur leis na hiarrachtaí bainisteoirí oibríochtúla a oiliúint ionas go bhféadfaidís maoirseacht a dhéanamh ar bhaill foirne a fhostaítear go háitiúil agus faireachán a dhéanamh ar na soláthraithe seirbhíse seachtracha ar bhealach níos éifeachtúla;

(12) a áirithiú go gcoisctear rochtain na mball foirne a fhostaítear go háitiúil ar fhaisnéis íogair, amhail thorthaí cuardach sa chóras TF próiseála víosaí; a gcearta rochtana a theorannú do na feidhmiúlachtaí a bhfuil fíorghá acu leo chun a ndualgais a chomhlíonadh;

**Eagraíocht na Seirbhíse Consalachta**

(13) an sreabhadh oibre in Eagraíocht na Seirbhíse Consalachta a oiriúnú, rud a d'fhéadfaí a dhéanamh trí chúram a chur ar na hoifigigh chlárúcháin an inghlacthacht agus an inniúlacht chríochach a sheiceáil sula gcruthaítear comhaid sa chóras faisnéise víosaí;

(14) a áirithiú go mbíonn scileanna teanga leordhóthanacha ag foireann Eagraíocht na Seirbhíse Consalachta chun iarratais a phróiseáil gan a bheith ag brath an iomarca ar aistriúcháin uathoibrithe;

(15) dlús a chur le hiarrachtaí cinnteoirí a fhostú a raibh taithí chonsalach acu roimhe sin; imscaradh earcach nua go gearrthéarmach chuig soláthraithe seirbhíse seachtracha agus/nó chuig consalachtaí a mheas, rud a thabharfadh taithí ar an láthair dóibh;

(16) leanúint dá áirithiú go ndéanann cinnteoirí torthaí na n-iarratas ar an 'mbunachar sonraí um iarratais ar mheasúnú' a bhreathnú de réir a bhfiúntais, agus go ndéantar athbhreithniú tráthrialta ar bhun-algartaim an bhunachair sonraí sin;

(17) a áirithiú nach ndéantar seiceálacha i gCóras Faisnéise Schengen chun a fhíorú an bhfuil iarratasóirí ar víosa idirthurais aerfoirt faoi réir thoirmeasc ar theacht isteach;

(18) a áirithiú nach faide ná 45 lá féilire tréimhse phróiseála na n-iarratas ar víosa in aon chás ar bith, agus nach gcuirtear síneadh thar 15 lá féilire léi ach amháin i gcásanna aonair, go háirithe nuair is gá grinnscrúdú breise a dhéanamh ar an iarratas, agus na treoracha oibre le haghaidh agallamh a athbhreithniú a mhéid a bhaineann leis an tréimhse phróiseála trí na cásanna eisceachtúla a liostú ina bhféadfaí údar a bheith ann le síneadh a chur leis an tréimhse phróiseála;

(19) a áirithiú go mbaineann na cinnteoirí an leas is fearr is féidir as an bhféidearthacht víosaí il-iontrála a bhfuil tréimhse bailíochta níos faide acu a eisiúint do thaistealaithe rialta *bona fide*, lena n-áirítear ar bhonn Airteagal 24(2c) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 (an Cód Víosaí)[8];

---

[8] IO L 243, 15.9.2009, lgh. 1-58.

**Riyadh**

(20) tríobháideachas leormhaith a áirithiú d'iarratasóirí i láthair feithimh an Lárionad Iarratas ar Víosaí, mar shampla trí chomhar leis an soláthraí seirbhíse seachtrach chun síneadh a chur leis na huaireanta oscailte ina nglactar iarratais ar víosaí, go háirithe le linn buaic-amanna;

(21) a iarraidh ar an Lárionad Iarratas ar Víosaí tuilleadh spás iomchuí a chur ar fáil le haghaidh cúraimí cúloifige;

(22) a áirithiú go gcuireann an soláthraí seirbhíse seachtrach an pobal ar an eolas faoi na seirbhísí roghnacha agus na táillí a bhaineann leo ar bhealach níos soiléire agus níos cuimsithí agus go mbeidh seachadadh na bpasanna chun an tí ina sheirbhís roghnach;

(23) a áirithiú go gcomhlíonann na nósanna imeachta ag an Lárionad Iarratas ar Víosaí Iarscríbhinn X den Chód Víosaí;

(24) a áirithiú, i gcás inar bailíodh méarloirg ó iarratasóirí mar chuid d'iarratas a rinneadh roimhe sin agus gur cuireadh isteach sa chóras faisnéise víosaí iad den chéad uair níos lú ná 59 mí roimh dháta an iarratais nua, go gcóipeálfar iad chuig na hiarratais a dhéantar ina dhiaidh sin agus go mbíonn gach ball foirne ábhartha sa Lárionad Iarratas ar Víosaí ar an eolas faoin gceanglas sin;

(25) tuilleadh tacaíochta, treoracha iomchuí agus faisnéis chúlra a sholáthar don bhainisteoir oibríochtúil in Riyadh (agus sna consalachtaí eile freisin) ionas go mbeidh siad in ann páirt níos éifeachtúla a ghlacadh i gcruinnithe comhair áitiúil Schengen.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC